



Scoil Naomh Gobnait
Dún Chaoin
Trá Lí
Co. Chiarraí
V92 NY00

Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta

Aithníonn Bord Bainistíochta Scoil Naomh Gobnait an tábhacht a bhaineann leis an reachtaíocht a cuirtear i bhfeidhm san Acht um Slándáil, Sláinte agus Leas 2005.

Leagann an Ráiteas Slándála seo amach polasaí slándála An Bhoird Bainistíochta, maraon le cuntas ar na slí ina gcuirfeadh an polasaí sin i gcrích. Is é aidhm an Bhoird Bainistíochta gach dícheall a dhéanamh timpeallacht shlán, shláintiúil a sholátar dá fhostaithe agus dá dhaltaí uile, agus a dhulgais i leith gach baill den phobal lena mbíonn teagmháil aige a chomhlíonadh.

Éilíonn an polasaí seo comhoibriú ó gach fostaí.

Tá ar intinn ag an mbord athbhreithniú a dhéanamh go rialta ar an ráiteas seo, i bhfianaise a thaithí féin, i bhfianaise athraithe sa reachtaíocht, agus i bhfianaise athraithe ar bith eile a bhaineann le hábhar.

Déanfaidh an Bord iniúchadh slándála go bliantúil, agus tabharfar tuairisc don bhfoireann. Déanfar an t-iniúchadh seo níos minice má bhíonn iarratas air sin ón mBord nó ón bhfoireann.

Déanfar measúnú ar thuairiscí breoiteachta nó timpiste chun a chinnitiú go gcuirfeadh i bhfeidhm nósanna imeachta a laghdóigh oiread agus is féidir an bhreoiteacht nó na timpistí sin.

Sínithe:
Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta.

Polasaí ar Shlándaíl, Sláinte agus Leas an Bhoird Bainistíochta Scoil Naomh Gobnait

1. 1 Is iad seo thíos baill an Bhoird Bainistíochta:

Cathaoirleach: Pádraig Firtéar

Rúnaí: Malacháí Mac Amhlaoibh

Cisteoir: Helena Ní Dhálaigh

Baill Eile: Áine Firtéar, Mícheál Ó Mianín, Máire Ní Dhálaigh, Jayne Uí Chonchúir, An tAthair Eoghan Ó Cadhla

1. 2. Cinnteoidh an Bord Bainistíochta go bhfuil, chomh fada 's féidir, ard-chaighdeán slándála i bhfeidhm sa scoil, agus go bhfuil ar a laghad forálacha an Achta Um Shlándaíl, Sláinte agus Leas i bhfeidhm.

1. 3. Is mian leis an mBord Bainistíochta a chinntiú an oiread agus is féidir:

- a) go bhfuil dearadh, soláthar agus cothabháil gach áite i staid sabháilte
- b) go bhfuil dearadh, soláthar agus cothabháil bealaí isteach agus amach ón scoil i staid atá sábháilte
- c) dea-dearadh, soláthar agus cothabháil ar fhearas agus ar innealra
- d) go ndéantar nósanna oibre a phleanáil, a eagrú, agus a chur i gcrích ar bhealaí atá sábháilte, i dtreo is nach bhfuil aon bhaol iontu do shláinte
- e) go gcuirfear oiliúint i dteicnící cearta ardaithe daltaí ar fáil don bhfoireannmaraon le hoiliúint maidir le plé le hiompar dúshlánach ins na daltaí
- f) go soláthrófar pé eolas, oiliúint, traenáil, agus maoirseacht atá riachtanach chun slándáil agus sláinte ag obair a chinntiú do na fostaithe
- g) go soláthrófar éadach cosanta oiriúnach faoi mar is gá chun sláinte agus slándáil fostaithe a chinntiú
- h) go ndéanfar cleachtadh agus athchleachtadh mar is cuí ar phleananna sásúla chun plé le héigeandáil, m.sh. druil thine, plé le gortaithe 7rl
- i) slándáil agus cosaint ar bhaol sláinte maidir le húsáid aon fhearaí nó aon substainte
- j) soláthar agus cothabháil áiseanna agus socraithe maidir le leas fostaithe ag obair
- k) soláthar, de réir mar is gá, seirbhísí daoine oilte chun sláinte agus slándáil na foirne oibre a chinntiú
- l) athbhreithniú rialta an ráitis slándála
- m) go leagfar síos socraithe chun ionadaí fostaithe maidir le sláinte agus le slándáil a roghnú as an bhfoireann teagaisc

1. 4. Aithníonn an Bord Bainistíochta go bhfuil dualgais reachtúla orthu i leith foireann, daltaí agus einne eile atá ag feidhmiú ar son na scoile go dlisteanach.

1. 5. Cinnteoidh Bord Bainistíochta Scoil Naomh Gobnait go gcuirfear i bhfeidhm forálacha an Achta um Shláindáil, Sláinte agus Leas 2005.

Dualgais Fostaithe.

- a) Is é dualgas gach aon fhostaí an fhad is atá sé/sí ag obair:
- b) cúram ciallmhar a dhéanamh dá S(h)láindáil. dá S(h)láinte agus dá leas féin, agus d'aon duine eile a mbeadh tionchar ag gníomh nó ag faillí an fhostaí air/uirthi le linn a t(h)réimhse oibre.
- c) comhoibriú lena f(h)ostóir agus le duine ar bith eile ar bhealach a chuirfidh ar chumas an fhostóra nó an duine eile forálacha na reachtaíochta cuí a chomhlíonadh
- d) feisteas cosanta, fearas, áiseanna nó aon rud eile a soláthraítear (don bhfostaí sin amháin nó don bhfoireann tré chéile) a úsáid ar bhealach a chinntíonn sláinte agus sláindáil an fhostaí sin agus duine ar bith eile
- e) aon mháchail nó aon locht ar an láthair oibre, nó ar aon fhearas, nó ar aon inneallra, nó ar aon nós imeachta a chur in iúl don Bhord Bainistíochta a luaithe is a tugtar faoi deara é
- f) Ní chuirfidh aon duine isteach le míchúram nó d'aon ghnó ar aon fhearas, ar aon fheisteas cosanta, nó ar aon earra eile a sholáthraíonn an ord chun críche forálacha reachtaíochta sláinte/slándála a chomhlíonadh
- g) Cinnteoidh fostaithe, trí úsáid a bhaint as an bhfearas agus as na háiseanna a soláthraítear, go gcuirfear obair i gcrích ar na bealaí is cúramaí agus is sláinte agus is féidir

Eolas agus Comhairle.

Is é polasaí Bhoird Bhainistíochta Scoil Naomh Gobnait

- a) Dul i gcomhairle leis an bhfoireann nuair atá Ráiteas Slándála agus Foirmeacha Smachta Guaise á n-ullmhú.
- b) Cóip don ráiteas Slándála a thabhairt do gach ball foirne atá agus a bheidh sa scoil.

- c) Go gcuirfear aon eolas breise, nó aon treoracha maidir le Sláinte, Slaándáil agus Leas nach bhfuil sa ráiteas seo ar fáil d'fostaithe faoi mar a thagann sé ar lámh go dtí an Bord.
- d) Go mbeidh an Ráiteas slándála seo ina chuid dhílis d'aon traenáil agus d'aon phlean forbartha foirne sa todhchaí.

Guaiseanna.

- a) Cuirfidh an Bord Bainistíochta agus an fhoireann liosta guaiseanna le chéile le cabhair ár gComhlacht Árachais, Allianz. Beimid ábalta cuid de na guaiseanna a dhíchur, ach beidh cuid acu nach bhfuil aon leigheas orthu.
- b) Guaiseanna gur féidir iad a leigheas, déanfar sin a luaithe agus is féidir faoi mar atá leagtha síos sa ráiteas.
- c) Liotáilfear go soiléir iad siúd nach bhfuil aon leigheas orthu, agus leagfar síos polasaí agus nósanna chun an baol a bhaineann leo a mhaolú an oiread agus is féidir.
- d) Déanfaidh an Bord Bainistíochta i gcomhar leis an bhfoireann monatóireacht rialta ar leigheas guaiseanna.

Guaiseanna Faoi Leith.

Tine

- a) Is é polasaí Bhoird Bainistíochta Scoil Naomh Gobnait go:
- b) soláthrófar go leor múchtóirí tine a phléifidh le tine d'aon chineál.
- c) go ndéantar seirbhísiú rialta ar fhearas tine.
- d) go ndéantar druil tine sa scoil ar a laghad uair sa téarma.
- e) go dtugtar oiliúint mar is cúí in úsáid múchtóirí tine de chineálacha éagsúla.
- f) go bhfuil an t-aláram tine marcáilte go soiléir.
- g) go bhfuil comharthaí ann a chuireann in iúl go soiléir do chuarteoirí cá bhfuil bealaí amach.
- h) go múchtar fearas leictreach lasmuigh d'uaireanta oibre nó nuair a bheidh seomraí folamh ar feadh tréimhse fada.
- i) go dtuigeann gach aon duine go bhfuil láthair tionóil éigeandála
- j) má tá ball foirne ar bith ag fágáil an fhoirgnimh le linn uaireanta scoile, go gcuireann sé/sí an méid sin in iúl don phríomhoide nó don leasphríomhoide.

- k) go bhfuil bealaí éalaithe marcáilte go soiléir.
- l) nach gcoimeádtar buidéal gáis i stór sa bhfoirgneamh.
- m) go bhfuil an scoil agus fearas na scoile seiceálta mar is cuí ag oifigeach tine, agus
- n) go bhfuil a chuid treoracha curtha i bhfeidhm.

Guaiseanna Buana.

Innealra, fearas cistine agus fearas leictreach.

Is é polasaí an Boird Bainistíochta Scoil Naomh Gobnait nach n-usaidfaí ach daoine atá abalta agus údaraithe innealra, fearas cistine agus fearas leictreacha mar atá luaite thuas. Déanfar iniúchadh rialta slándála ar an bhfearas agus ar an innealra sin.

Ábhar Ceimiceach.

Is é polasaí Boird Bainistíochta Scoil Naomh Gobnait go gcoimeádfar aon ábhar ceimiceach, gallúnach, ábhar glantacháin eile i mboscaí a bhfuil lipéadaí soiléire orthu ag míniú an ábhair sa bhosca agus rialacha a úsáidte. Coimeádfar ábhar den chineál sin faoi ghlas i stór na nglantóirí. Déanfar soláthar ar pé fearas cosanta is gá chun ábhar den chineál sin a úsáid.

Drugáí agus Leigheas.

3. 1. Is é polasaí Boird Bainistíochta Scoil Naomh Gobnait go gcoimeádfar gach cóir leighis in áit nach féidir ach duine fásta é a aimsiú.
3. 2. Tá Polasaí Dáileadh Leighis ag an scoil agus faofa ag an mBord Bainistíochta.
3. 3. Iarrfar ar gach teaghlach foirm éigeandála a líonadh a thugann eolas don scoil conas theacht ar thuismitheoir/caomhnóir an leanbh más gá sin.
3. 4. Sa chás go mbíonn páiste tinn agus go dteipeann ar fhoireann na scoile teacht ar an dtuismitheoir/caomhnóir faoi mar atá ar an bhfoirm éigeandála, is é polasaí an Bhoird Bainistíochta go ndéanfaidh foireann teagaisc na scoile pé socrú a mhothaíonn siad a bheith riachtanach chun sláinte an leanbh a chosaint, i. é/í a thabhairt chuig dochtúir nó ospidéal, nó pé socrú eile a mhothaíonn an fhoireann a bheith riachtanach sna cúinsí faoi leith.
3. 5. Sa chás go bhfuil leighis á thógaint ag páiste, Ní ceadmhach do bhall foirne an chóir leighis sin a thabhairt don leanbh gan foirm a bheith sínithe ag an tuismitheoir (Polasaí Cogas a Riaradh).Is gá go mbeidh an páiste in ann an leigheas a thógáil iad féin.

Slándáil:

- a) Níl cead ag aon leanbh talamh na scoile a fhágáil gan cead a thuismitheora. Má tá ar leanbh an talamh scoile a fhágáil go luath is gá don thuismitheoir/caomhnóir nóta a thabhairt don mhúinteoir ranga/príomhoide.
- b) Ní mór do gach páiste cúram a dhéanamh dá shlándáil féin agus do shlándáil leanaí eile.
- c) Aithníonn an Bord Bainistíochta an baol a ghabhann le dromchla an chlóis fé láthair. Cuirtear béim ar aird na leanbh a dhíriú ar dhainséar an dhromchla agus iarrtar orthu bróga reatha a chaitheamh gach lá agus ní céadaítear dóibh rith má ta an talamh sleamhan. Iarradh ar thuismitheoirí go mbeadh bróga reatha ar na leanaí gach lá. Is é aidhm an Bhoird Bainistíochta ná an dromchla a fheabhsú mar chuid den dtogra tógála i 2023.
- d) Chun sábhailteacht na leanbh a fheabhsú spreagtar iad isteach sa ghort nuair is féidir, go háirithe na bunranganna.
- e) De bharr líon uimhreacha scoile fé láthair tá ceal spáis sna seomraí ranga. Cruthaíonn sé seo gais maidir le leanaí agus múinteoirí ag bogadh timpeall an ranga. Iarrtar ar leanaí malaí scoile a chrocadh ar chúl na gcathaoir.

Saoránaíocht:

- a) Ní mhór do leanaí aire a thabhairt do shealúchas na scoile, na leanaí eile, agus na múinteoirí.
- b) Caithfear íoc as aon damáiste a dhéanann páiste d'aon ghnó.
- c) Coimeádtar an clós glan. Ní thógtar bia amach sa chlós.
- d) Seachnaítear drochchaint agus iompar garbh drochbhéasach.
- e) Má mhothaíonn aon mhúinteoir faoi bhagairt ag aon duine faoi leith agus an múinteoir i mbun oibre, díreofar aird an Bhoird Bainistíochta ar an bhfadhb. I gcás ar bith den chineál sin, cinnteoidh an Bord go ndéanfar an múinteoir (nó aon fhostaí eile de chuid an Bhoird) a chosaint ar mhí-úsáid.

Céadchabhair:

Is é polasaí Boird Bhainistíochta Scoil Naomh Gobnait:

Go ndéantar traenáil ar bhall foirne le garchabhair a chur ar fáil don fhoireann.

Beidh foireann an scoile ar an eolas ca bhfuil:

Suíomh na mboscaí garchabharacha

Uimhreacha gutháin do dhochtúir áitiúil, na gardaí, oispidéal ar fáil san oifig

Beidh dhá bhosca céadhchabhrach, agus iad líonta go cuí. Caithfear láimhíní aonsealacha a úsáid i gcónaí agus garchabhair á thabhairt

Tabharfaidh aon mhúinteoir a bheidh ag tabhairt leanaí ar thuras spóirt ceann de na boscaí seo in éineacht leis/léi.

Beidh uisce té agus gallúnach ar fáil i gcónaí.

Lean an Polasaí Covid maidir le aon chás Covid-19 sa scoil

Slí isteach sa scoil:

Beidh sé de dhualgas ar éinne a bhuaileann isteach sa scoil, iad fein a chur in aithne don bPríomhoide nó don Múinteoir ranga sula scaoiltear isteach iad.

Beidh ar aon chonraitheoir iad féin a chur in aithne go pearsanta don bpríomhoide sula dtosaíonn said ar aon obair ar an láthair agus go taispeáinfead cóip de ráiteas sábháilteachta na scoile dóibh agus aontóidh sé lena fhorlálacha.

Ní chruthóidh an conraitheoir agus a fhoireann oibre aon ghuais, sealadach nó buan, gan a insint don phríomhoide nó dá iondaí roghnaithe, agus cuirfead comhartha in aired ag tabhairt rabhadh maidir leis na nguais nó cosaint oiriúnach eile.

Leanaí a bhailiú:

Caithfidh gach tuismitheoir/ feighlí fanacht lasmuigh de gheataí na scoile agus iad ag bailiú a leanbh/leanaí.

Níl cead ag leanbh láthair na scoile a fhágaint go bhfeicfead tuismitheoir/feighlí an linbh.

Athbhreithniú ar an Ráiteas Sábháilteachta:

Déanfaidh Bord Bainistíochta Scoil Naomh Gobnait athbhreithniú ar an Ráiteas Sábháilteachta seo go rialta dé réir thaithí agus riachtanais Acht Sláinte agus Sábháilteachta agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta.

Sínithe ar son an Bhoird Bainistíochta Scoil Naomh Gobnait.

Cathaoirleach: _____

Dáta _____